


# Paicéad Eolais maidir le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh le haghaidh Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta



# CLÁR ÁBHAR

1. TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH: AN BUNEOLAS ..................................... 3

2. CONAS TÚS A CHUR LE TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH ...........................5

3. IONAD TACAÍOCHTA AN TIONSCNAIMH EORPAIGH Ó NA SAORÁNAIGH ................. 7

4. CONAS IS FÉIDIR LE SAORÁNAIGH TACÚ LE TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH: ........................................................................................................... 7

5. AN BEALACH LENAR FÉIDIR LE HEAGRAÍOCHTAÍ NA SOCHAÍ SIBHIALTA TACAÍOCHT A THABHAIRT DO THIONSCNAIMH EORPACHA Ó NA SAORÁNAIGH .. 8

6. TAGAIRTÍ BREISE ......................................................................................................................... 9

# 1. TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH: AN BUNEOLAS

Ó bhí 2012 ann, tá an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (ECI) ina bhealach inar féidir le saoránaigh den Aontas Eorpach clár oibre an Aontais a shocrú. Cuireann sé ar a chumas do shaoránaigh den Aontas Eorpach tograí a mhúnlú maidir le saincheisteanna atá tábhachtach dóibh agus a bhaineann le réimse inniúlachta an Aontais. Is féidir le grúpa de 7 saoránach den Aontas Eorpach ó 7 mBallstát éagsúla beartais an Aontais a mholadh trí Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. A luaithe a chláraítear an tionscnamh, féadfaidh saoránaigh eile den Aontas Eorpach an tionscnamh a shíniú ar líne, trí chóras bailithe ar líne, nó ar pháipéar. Má bhailítear 1 mhilliún síniú ó 7 mBallstát ar a laghad, cinnfidh an Coimisiún Eorpach conas obair leantach a dhéanamh ar an tionscnamh i dtrácht.




## → Cén fáth ar uirlis éifeachtach é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh?

### A. Cuireann an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar do chumas tionchar a imirt ar cheapadh beartais:


Is ionstraim dhaonlathach é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a chuireann ar a chumas do shaoránaigh den Aontas Eorpach saincheisteanna atá tábhachtach dóibh a chur ar chlár oibre an Aontais. Tá a rian fágtha ag tionscnaimh rathúla a bhí ann roimhe seo ar dhlíthe agus ar reachtaíocht an Aontais.
Sampla coincréiteach is ea an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'Tá an ceart ag cách ar uisce agus ar shláintíocht! Tá uisce ann ar mhaithe leis an bpobal, ní haon tráchtearra é!', a seoladh chun a áirithiú go leanfaidh uisce óil de bheith ina sheirbhís phoiblí agus ina earra poiblí.

- In 2018, mhol an Coimisiún Eorpach athruithe ar an **Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hUisce Óil**, lena ndírítear ar an rochtain ar uisce glan a fheabhsú, le haghaidh grúpaí leochaileacha go háirithe. Ghlac na hinstitiúidí Eorpacha na hathruithe sin i mí na Nollag 2020, agus chuaigh na rialacha nua i bhfeidhm i mí Eanáir 2021.

## B. Cuidíonn an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh le feasacht ar thopaic a mhúscailt:

Nuair a chruthaítear Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, ardaítear an tsaincheist ar leibhéal na hEorpa agus tarraingítear aird an Choimisiúin Eorpaigh, Pharlaimint na hEorpa, agus phobal na hEorpa uirthi. Cuireann an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar a chumas d'eagraithe leibhéal na díospóireachta a ardú agus an topaic a chur os comhair pobal níos leithne, rud a threisíonn an fheasacht ar an ábhar atá idir lámha.

### → Roinnt de na Tionscnaimh Eorpacha rathúla ó na Saoránaigh agus an rath a bhí orthu sna Ballstáit:




I roinnt de na Ballstáit, mar shampla an Spáinn, an Ghearmáin agus an Iodáil, bhí an-rath ar na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh. Chuidigh an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh le leibhéal na díospóireachta a ardú ar na saincheisteanna a chuireann na tionscnaimh seo chun cinn.

# 2. CONAS TÚS A CHUR LE TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

## → Incháilitheacht

- Aon saoránach den Aontas Eorpach a bhfuil an aois chun vóta a chaitheamh sna toghcháin Eorpacha bainte amach aige, féadfaidh sé tús a chur le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. An dá cheanglas ná:
  - Ní mór go gcuirfeadh 7 saoránach den Aontas Eorpach atá ina gcónaí i 7 dtír éagsúla tús leis an tionscnamh.
  - Ní mór go ndíreodh an tionscnamh ar ábhar a thagann faoi réimse ghníomhaíocht dlí an Aontais Eorpaigh.

LEID: I roinnt de na Ballstáit, is féidir le saoránaigh den Aontas Eorpach Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a shíniú nó tús a chur leis ó 16 bliana d'aois: Ina measc, sa lá atá inniu ann, tá an Bheilg, an Ghearmáin, an Eastóin, Málta, an Ostair, agus an Ghréig (17).

- Is féidir Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.




## → Amlíne & na Príomhchéimeanna

**1. Ar a laghad 7 saoránach ar an iomlán ó 7 mBallstát éagsúla atá incháilithe chun vóta a chaitheamh sna toghcháin Eorpacha nó a bhfuil ar a laghad 16 bliana slánaithe acu, is iad a dhéanann suas nó a chuireann ar bun grúpa eagraithe an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh agus a dhéanann cuspóir(í) a dtionscnaimh a shainiú.**

**2. Cuireann na heagraithe a dtionscnamh faoi bhráid an Choimisiún Eorpaigh lena chlárú:**

- Cruthaíonn siad cuntas na n-eagraithe. Úsáidfidh siad an cuntas seo chun an tionscnamh a bhainistiú agus chun plé a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach le linn shaolré an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.
- Soláthraíonn siad cur síos ar a dtionscnamh i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh (chomh maith le mionsonraithe agus doiciméid ábhartha maidir leis an ngrúpa de 7 n-eagraí, maoiniú a fuarthas, etc.)
- Má chinneann an Coimisiún an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a chlárú, foilseofar an tionscnamh ar shuíomh an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Faigheann na heagraithe freagra maidir le clárú an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh laistigh de 2 mhí go hiondúil.
  - Bíonn 6 mhí ag na heagraithe chun an dáta a chuirfear tús le bailiú na tacaíochta a roghnú.

**3. Cuirtear tús le bailiú na sínithe! Bailigh 1 mhilliún síniú ó 7 mBallstát ar a laghad laistigh de 12 mhí (ar líne nó ar pháipéar).**

- Le bheith incháilithe chun Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a shíniú, ní mór go mbeadh:
  - na tacadóirí ina saoránaigh den Aontas Eorpach
  - an aois chun vóta a chaitheamh i dtoghcháin Eorpacha a bheith bainte amach ag na tacadóirí nó, i dtíortha áirithe, ar a laghad 16 bliana a bheith slánaithe acu

**4. Cuir an 1 mhilliún + síniú isteach le haghaidh fíorú ag na húdaráis náisiúnta. Bíonn suas le 3 mhí ag na heagraithe na sínithe a chur isteach chuig na húdaráis inniúla i ngach Ballstát.**

- Bíonn 3 mhí eile ag na húdaráis le fíorú cé na ráitis tacaíochta atá bailí.

**5. Cuir an tionscnamh agus na deimhnithe a fuarthas ó na húdaráis náisiúnta i gCéim 4 faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh lena scrúdú.**

- Tá 3 mhí ag na heagraithe an tionscnamh agus na deimhnithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Is féidir é seo ar fad a dhéanamh trí chuntas na n-eagraithe. Braitheann an chuid eile den amlíne ar an tráth seo.

**6. Faigh freagra:**

- Tugann an Coimisiún Eorpach cuireadh don ghrúpa eagraithe freastal ar chruinniú ina mbeidh an deis acu a gcás a dhéanamh faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.
  - Laistigh de mhí amháin tar éis an tionscnamh a bheith curtha isteach (Céim 5)
- Tugann Parlaimint na hEorpa cuireadh do na heagraithe freastal ar éisteacht phoiblí, agus díospóireacht iomlánach ina diaidh, agus an fhéidearthacht ann go dtiocfaí ar réiteach ar an ábhar.
  - Laistigh de 3 mhí tar éis an tionscnamh a bheith curtha isteach (Céim 5)
- Eisíonn an Coimisiún Eorpach a fhreagairt mhionsonraithe i scríbhinn ar an tionscnamh. Áirítear leis sin a chonclúidí dlíthiúla agus polaitiúla, aon ghníomhaíocht atá beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh, agus a chúiseanna le gníomhaíochtaí a dhéanamh nó gan gníomhaíochtaí a dhéanamh.
  - Laistigh de 6 mhí tar éis an tionscnamh a bheith curtha isteach (Céim 5) agus tar éis na héisteachta poiblí i bParlaimint na hEorpa

## → Na Príomhdhúshláin Romhat: Ceisteanna a Thagann Os Comhair Eagraithe

- *Conas is féidir liom saoránaigh i dtíortha eile a aithint chun tús a chur le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh in éineacht liom?*
- *Conas is féidir liom saoránaigh i dtíortha eile a spreagadh chun mo Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a shíniú?*
- *Conas is féidir liom maoiniú a fháil le haghaidh Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh?*
- *Conas is féidir liom buiséad a chruthú do mo Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh?*
- *Ceard iad na cainéil is féidir liom a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leis na saoránaigh?*

Tá na freagraí ar na ceisteanna sin le fáil ar Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh

# 3. IONAD TACAÍOCHTA AN TIONSCNAIMH EORPAIGH Ó NA SAORÁNAIGH

Ardán ar líne ar mhaithe leis an gcomhoibriú is ea Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, atá ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais. Is é is cuspóir dó comhairle agus eolas a thabhairt d'eagraithe an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh nó do dhaoine a bhfuil suim acu sa Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Ionad tacaíochta ríthábhachtach atá ann chun eolas praiticiúil a fháil, chun comhairle feachtasaíochta agus dlí a fháil, agus chun ábhair a bhaineann le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh a phlé.

Is í an eagraíocht neamhbhrabúsach Seirbhís Gnímh na Saoránach Eorpach (ECAS) a fheidhmíonn an t-ardán sin faoi chonradh leis an gCoimisiún Eorpach.



I roinn Foghlaim Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, tá fáil ar acmhainní luachmhara, ar ábhar treorach, ar scéalta ratha, ar thaifeadtaí de sheimineáir ghréasáin, agus ar thuilleadh eolais maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.




Cuireann an roinn Comhairle a Lorg treoraíocht shaincheaptha ar fáil saor in aisce ar thopaicí éagsúla, na topaicí seo a leanas ina measc: cúrsaí dlí (mar shampla, seiceáil a dhéanamh an dtagann an smaoineamh faoi réimsí ghníomhaíocht dlí an Aontais), straitéisí feachtais, tiomsú airgid agus eile.

Féadfaidh eagraithe teagmháil a dhéanamh le teagmhálaithe freisin: Pointí Teagmhála Náisiúnta (lonnaithe laistigh den riarachán poiblí i bhformhór na dtíortha).

# 4. CONAS IS FÉIDIR LE SAORÁNAIGH TACÚ LE TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH:

Is féidir teacht ar gach tionscnamh atá ar oscailt ar shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh agus is féidir tionscnamh a shíniú ansin. Chun tacú le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, is féidir leat ráiteas tacaíochta a líonadh isteach ar líne nó ar pháipéar.

Tá samplaí de na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh is déanaí atá ar oscailt lena síniú faoi láthair ar fáil anseo:



# 5. AN BEALACH LENAR FÉIDIR LE HEAGRAÍOCHTAÍ NA SOCHAÍ SIBHIALTA TACAÍOCHT A THABHAIRT DO THIONSCNAIMH EORPACHA Ó NA SAORÁNAIGH

Mar eagraíocht, is féidir tacaíocht a thabhairt do Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar bhealaí éagsúla, ar nós páirt a ghlacadh i gcomhghuaillíocht d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhaineann le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, nó ceann a bhunú. Trí pháirt a ghlacadh sna hiarrachtaí feachtais, cuireann tú le for-rochtain an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. D'fhéadfá smaoineamh ar pháirt ghníomhach a ghlacadh i roinnt réimsí feachtasaíochta, mar shampla: an abhcóideacht, an cur chun cinn, tógáil pobail, saineolas a chur ar fáil, taighde a chomhroinnt, iarrachtaí bailithe sínithe, tacaíocht airgeadais, agus/nó acmhainní daonna a sholáthar.

Mar shampla, is trí chomhoibriú idir 170 eagraíocht de chuid na sochaí sibhialta ar fud na hEorpa a cuireadh an Tionscnamh Eorpach rathúil ó na Saoránaigh dar teideal '**Ná Coinnímis Ainmhithe i gCásanna Feasta**' le chéile. Chuidigh an ról a bhí ag gach ceann acu leis an rath a bhí ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Seo a leanas roinnt de na heagraíochtaí a thacaigh leis an tionscnamh sin:

Féadfaidh d'eagraíocht féin cuidiú leis an rath a bheidh ar Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh freisin!

# 6. TAGAIRTÍ BREISE

- Suíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh: https://citizens-initiative.europa.eu
  - Conas a oibríonn sé
  - Conas tosú
  - Cosaint Sonraí

- Suíomh gréasáin Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh https://citizens-initiative-forum.europa.eu/
  - Roinn Foghlaim
    - Conas Sínithe a Bhailiú
    - Conas Tionscnamh a Dhréachtú agus a Chur Isteach
    - Conas Comhpháirtithe a Chuardach
    - Conas Maoiniú a Fháil
    - Conas Feachtas a Eagrú
  - Roinn faoi Comhairle a Lorg

- Teagmhálaithe Áitiúla Pointí Teagmhála Náisiúnta agus Ambasadóirí an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh

- Liostáil leis an nuachtlitir mhíosúil (GA+ 23 theanga) chun a bheith coimeádta ar an eolas faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh
  Nuacht: https://citizens-initiative.europa.eu/newsletter/subscribe

- Glac páirt sa ghrúpa Facebook